



*Roghnaigh an bheatha*

4 Deireadh  
Fómhair 2020

LÁ don  
**BHEATHA**

‘Bíodh misneach i do chroí  
agus cuir do dhóchas sa Tiarna.’

Salm 27

**R**inneadh 6,666 ginmhilleadh i bPoblacht na hÉireann sa bhliain 2019 agus níos mó ná 200,000 sa Bhreatain Mhór, lena n-áirítear líon suntasach ó oileán na hÉireann. Tá teachtaireacht dóchais agus scéal an ghrá againn, an Eaglais Chaitliceach – gur féidir linn cultúr na beatha a chur chun cinn le chéile.

Is mór againn an chailliúint beatha mar thoradh ar ghinmhilleadh. Tá athrú intinne agus athrú croíthe á lorg againn faoi dhínt dhúchasach an linbh sa bhroinn agus cúram na mban torracha. Scríobhann an Pápa Proinsias, ‘Tosaíonn bronntanas linbh nua, a tugadh ag an Tiarna d’athair agus do mháthair, le glacadh leis an leanbh agus leanann sé ar aghaidh le cosaint ar feadh an tsaoil agus bíonn an bheatha shíoraí mar ceann sprice aige ... Ligeann Dia do thuismitheoirí an t-ainm a roghnú a thabharfaidh Sé féin ar a leanbh ar feadh na síoraíochta’ (*Amoris Laetitia – Aoibhneas an Ghrá*, 166).

### **Conas is féidir le paróistí agus pobail Chaitliceacha a bheith mar áiteanna fáilte, cúinimh agus tacaíochta?**

Ar chomóradh 25 bliain de litir Naomh Eoin Pól II *Evangelium Vitae* (Soiscéal na Beatha), iarraidimid arís go dtabharfaí meas don bheatha agus go ndéanfaí í a cheiliúradh.

‘Sé atá sa pharóiste ná ‘teaghlach de theaghlaigh’ (*Amoris Laetitia*, 87). Iarraidimid ar ár bparóistí a bheith ina n-áiteanna fáilte, áiteanna ar féidir linn tacú le mná torracha agus ceiliúradh a dhéanamh ar an mbronntanas luachmhar a cuireadh de chúram orthu. Aithnímid gur minic a bhíonn sa teaghlach ná ‘mósáic dhúshlánach atá comhdhéanta as go leor réaltachtaí éagsúla, lena n-áthas a misneach agus a bhfadhbanna’ (*Amoris Laetitia*, 57).

Teastaíonn uainn tacaíocht a sholáthar do mhná agus d’fhair a bhfuil cúinsí deacra rompu, chomh maith leo siúd a d’fhulaing ginmhilleadh agus atá ag lorg sóláis sa Tiarna agus ina bpobail.

### **Ár ngealltanais**

‘Mar Chaitliceach, geallaim cultúr fáilteach roimh an mbeatha nua a chur chun cinn. Beidh

mé ag guí agus ag obair go mbeidh cosaintí dlí níos fearr ann do mhná torracha agus don leanbh sa bhroinn.’

### **Dóchas agus Leigheas tar éis an Ghinmhille**

Ní choinníonn Dia a mhaithiúnas uathu siúd a lorgaíonn é le croí macánta. Ach, fiú nuair a admhaímid ár bpeacaí agus nuair a fhaighimid maithiúnas, is minic nach mbíimid réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn féin. Tá go leor mná agus fir fós ann ag maireachtáil, le loigr mhothúchána agus le rianta spioradálta tar éis an ghinmhille. Ní amháin go bhfuil misean againn cultúr na beatha a chur chun cinn ach teastaíonn uainn cúnamh a thabhairt do na mná agus do na fir a bheith réitithe leo féin, lena leanbh cailte, agus leis an Dia nár stop riamh le grá a thabhairt dóibh.

Sa Tiarna is féidir linn síocháin a fháil: ‘Ní chliseann an dóchas seo orainn mar tá ár gcroí líonta de ghrá Dé tríd an Spiorad Naomh a tugadh dúinn’ (*Rómhánaigh* 5:5).

‘Caitlín\* is ainm dom agus tá mé 28 bliain d’aois. Nuair a déirigh mé torrach den chéad uair cúig bliain ó shin, bhí ginmhilleadh agam. Tá an phian ón eispéireas seo, chomh maith le mothúcháin cailteanais, mearbhall agus uaigneas, á iompar agam le fada an lá. Nuair a d’fhreastail mé ar chúrsa spioradálta, (Rachel’s Vineyard) tugadh an t-am agus an spás dom an leanbh a chaill mé a ainmniú agus leigheas agus maithiúnas a fháil ón Tiarna.’

Chun níos mó a fhoghlaim faoi Rachel’s Vineyard téigh chuig: [www.rachelsvineyard.ie](http://www.rachelsvineyard.ie)

Má tá imní ort faoi leanbh gan bhreith le riocht a chuireann srian ar a s(h)aoil, téigh chuig: [www.everylifecounts.ie](http://www.everylifecounts.ie) NÓ [www.onedaymore.ie](http://www.onedaymore.ie)

Chun acmhainní do Lá don Bheatha a fháil téigh chuig: [www.councilforlife.ie](http://www.councilforlife.ie)

\*Athraíodh an t-ainm chun féiniúlacht na máthar a chosaint.

## **Maidir le Lá don Bheatha**

Déanann an Eaglais Chaitliceach in Éirinn, in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag Lá don Bheatha a cheiliúradh gach bliain. Lá atá ann chun tuiscint a mhúscailt ar bhrí agus ar luach shaol an duine ag gach céim agus i ngach riocht.

